

Iarratais ar Iontráil 2025/2026 Applications for Admission



Cé nach bhfuilimíod ach díreach taréis fáilte chun na scoile a chur roimh ár naónáin shóisearacha álann nua, táimid anois ag glacadh le hlarratais ar iontráil do rang na Naónáin Shóisearacha 2025/2026. Glacfar le hiarratais i gcomhair iontráil don scoilbhliain 2025/2026 ón 01/10/2024 go dtí an 25/10/2024. Is féidir iarratas a dhéanamh ar-líne tré chliceáil ar an NASC atá ar fáil ar leathanach baile suíomh gréasáin na scoile: www.taobhnacoille.ie. Cé go dtugtar túis áite sa Pholasáí ar iontráil do shiblíní, ní féidir linn túis áite a thabhairt dóibh muna bhuil siad cláraithe linn! Bí cinn te agus sin go gcláraíonn tú do pháiste linn roimh 25 Deireadh Fómhair, má theastaíonn uait go dtosóidh sé/sí i nGaelscoil Thaobh na Coille i Meán Fómhair 2025.

Although we have only just welcomed our wonderful new junior infant pupils to the school we are now accepting Applications for Admission for our 2025/2026 junior infant class. Applications for Admission will be accepted for the school year 2025/2026 from 01/10/2024 until 25/10/2024. On-line applications can be made by clicking on a dedicated LINK on the **home page of the school's website: www.taobhnacoille.ie**. **Although priority is given to siblings in the Admissions Policy, we cannot prioritise them if they have not been registered!** Please ensure that your child is registered before 25/10/2024 if you wish him/her to start in Gaelscoil Thaobh na Coille in September 2025.





Tá deacracht leanúnach le páirceáil chontúirteach agus ar ghluaiseacht na tráchta thart ar Ghaelscoil Thaobh na Coille & Stepaside ETNS.. Is í an phríomhthosaiocht don dá scoil ná sábháilteacht a ndaltaí agus iad ag siúl go dtí agus abhaile ón scoil agus ag turirlingt as gluaisteáin.

Tá gearán faigte cheana féin i mbliana maidir le tuismitheoirí ag blocáil na cosáin, na cabhsáin agus na bóithre i mBeallairmín agus ag páirceáill ar na cosáin i ngar don dá scoil.

Níor cheart do charranna páirceáil díreach roimh agus tar éis na trasrianta coisithe - laistigh den scoil nó lasmuigh ar an mbóthar - tá sé seo ag tarlú ar bhonn ríalta/laethúil agus tá sé ag cur ár bpáistí i mbaol.

Tá an Garda Crosála lasmuigh den scoil leis an trácht a stopadh ionas gur féidir leis na páistí le cuidíú leis na páistí trasnú go sábháilte agus iad ag teacht agus ag imeacht ón scoil. Ba cheart meas a léiriú ar an obair atá á dhéanamh aici agus a bheith foighneach agus i ag crosáil na páistí go sábháilte.

Inappropriate and dangerous parking and driving in the vicinity of both Gaelscoil Thaobh na Coille & Stepaside ETNS is an ongoing problem. The first priority for both schools is the safety of its pupils as they walk to and from school and alight from cars.

Complaints have been received already this year about parents blocking up the paths, driveways and roads in Belarmine and parking on the footpaths around the schools.

Cars should not park up in the areas directly before and after the pedestrian crossings - either inside the school grounds or outside on the road - this behaviour is putting our children at risk.

The Crossing Guard's role is to stop the flow of traffic so that the children may cross the road safely as they make their way to and from school. All drivers should be mindful of this and exercise patience and respect during periods of busy traffic.



Pairceáil Parking

Meabhrúchán: Rialacha an Bhóthair - Páirceáil
Coir in aghaidh an dlí is ea páirceáil:

I spásanna páirceála atá ainmnithe mar spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas

In áit ina bhfuil línte fiarlán bána nó buí ar cheachtar taobh de shoilse coisithe nó crosairí peileacánacha nó siogacha;

15 mhéadar roimh nó 5 mhéadar i ndiaidh trasrian coisithe nó soilse tráchta

Laistigh de 5 méadar d'acomhal bóthair mura bhfuil
spásanna páirceála marcáilte go soiléir
Ciallaíonn na línte buí dúbailte nach féidir páirceáil ann ag tráth ar bith.

Cloigh le do thoil leis na rialacha thusa ar mhaithle le
sábháilteacht ár bpáistí go léir

Reminder: **The Rules of the Road - Parking**

It is an offence to park:

In designated disabled persons parking spaces

Where there are white or yellow zig-zag lines on either side of zebra crossings

15 metres before or 5 metres after a pedestrian crossing or traffic lights;

Wholly or partly on a footpath, a grass margin, a cycle lane or track or a median strip;

Within 5 metres of a road junction unless parking spaces are clearly marked;

Double yellow lines mean no parking at any time

Please adhere to the above rules for the safety of all our children

Sábháilteacht ar dTús Safety First



Lá na nGeansaithe

'Wear, Care, Share'

Is é Lá na nGeansaithe príomhfheachas tiomsaithe airgid blantúil GOAL a reáchtáilear ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain. Ar Lá na nGeansaithe, feictear na mílte duine ag teacht le chéile agus ag caitheamh a ngeansaithe spóirt is fearr leo chun tacú le hobair GOAL le pobail leocheileacha. Tacaíonn Gaelscoil Thaobh na Coille leis an imeacht carthanachta seo gach bliain agus i mbliana beidh Lá na nGeansaithe ar siúl Dé hAoine seo chugainn 11ú Deireadh Fómhair.



Goal Jersey Day

'Wear, Care, Share'

Jersey Day is GOAL's flagship annual fundraising campaign held across Ireland and throughout the world. GOAL Jersey Day sees tens of thousands of people coming together and wearing their favourite sports jerseys to support GOAL's work with vulnerable communities. Gaelscoil Thaobh na Coille supports this charity event every year and this year Jersey day will be held on Friday next 11th October.

Taispeántas na Naónáin

Déanfaidh na Naónáin shóisearacha (N1A, N1B) cur i láthair beag dá dtuismitheoirí de na rannta agus na hamhráin atá á fhoghlaim acu ar scoil ar an AOINE 18 Deireadh Fómhair ag 1pm. Beidh Tae/café ar fáil sa halla óna 12.30pm




Junior Infant Recital

Our Junior Infants (N1A, N1B) will put on a small performance for their parents, of the poems and the songs they are learning at school on AOINE the 18th of October at 1pm. Tea/Coffee will be served in the halla from 12.30pm

Polasaí Bia Sláintiúil

Meallaimid na daltaí le bia sláintiúil ar nós tortaí & glasraí a ithe mar chuid den lón scoile. Iarrtar ar na daltaí tortaí nó glasraí amháin a ithe ag am lón beag agus an chuid eile den lón a ithe ag am lón mór. Iarraimid gan milseáin, seacláid, crispí, brioscáí nó deochanna milse a thabhairt do na páistí. Molaimid ceapairí, tortaí agus deoch a bheith acu mar lón.



Healthy Eating Policy

We encourage the children to eat healthy foods such as fruits and vegetables as part of their school lunch. We ask the children to eat fruit and vegetables at little break with the remaining lunch being eaten at big break! Please exclude sweets, chocolate, crisps, biscuits and fizzy drinks from your child's lunchbox. We suggest a lunch consisting of sandwiches, fruit and a drink.

Cosc ar Chnónna

Ní ceadaítear cnónna/bia le cnónna mar chuid den lón mar go bhfuil ailléirge ag roinnt daltaí sa scoil le cnónna.



No Nuts or Nut Products

Nuts & foods containing nuts are not allowed in school as several children in the school suffer from severe nut allergies.

Aimí ar Gheansaithe & ar Chótáí

An bhfuil aimí ar gheansaí agus ar chóta do pháiste? Muna bhfuil ar mhiste leat é a dhéanamh gan mhoill le do thoil. Geansaithe agus cótaí á aimsiú againn ar fud na scoile nach le 'haon duine'!

Is your child's name on his/her jumper and coat? If not could you please do so without delay. We are finding jumpers and coats with no name tags all over the school that 'nobody owns'!



Gléasadh na Samhna

Beidh cead ag na páistí teacht isteach ar scoil i bhfeistis bréigéide ar an Aoine an 25 Deireadh Fómhair.

Halloween Dress Up

The children may come to school in fancy dress costumes on Friday the 25th of October.



Cumann na mBunscol Léigearna Peile

Cumann na mBunscol

Tá foirne peile na gcaillíní agus na mbuachaillí ag glacadh páirt i comórtaisí Cumann na mBunscol faoi láthair. Tá ag éirí go han-mhaith leis an dhá fhoireann.

Tá 39 cailín agus 34 buachaill ag traenáil leis An Múinteoir Ní Bháille, An Múinteoir Breathnach, An Múinteoir Ó Coisdealbha agus An Múinteoir Ó Dubhthaigh i mbliana.

Bhí an bua ag foireann na gcaillíní i gcoinne Scoil Náisiúnta Cailíní na Toirbhearta (Tír an Iúir) agus Scoil Sinsearach Chillian Naofa (Tamlacht) ach chailleadar i gcoinne Scoil Sinsearach Maelruain (An Seanbhábhún). Chríochnaigh siad sa dara háit sa ghrúpa agus tabharfaidh siad aghaidh ar Scoil Naomh Léan i bPort Mearnóg sa cheathrú chraobh Dé Máirt 8 Deireadh Fómhair.

Tá ag éirí go geal le foireann na mbuachaillí freisin. Tá trí chluiche buaite as a chéile acu i gcoinne Scoil Naithí (Baile an tSaoir), Gaelscoil Mológa (Crois Airlt) agus Scoil na Maighdine Mhuire (Baile an tSaoir). Tá an ceathrú chraobh bainte amach acu ach ní fios cén scoil a bhéas siad ag imirt.




The girls' and boys' football teams are participating in Cumann na mBunscol competitions again this year and both teams have progressed to the knockout stages.

39 girls and 34 boys are training under the stewardship of An Múinteoir Ní Bháille, An Múinteoir Breathnach, An Múinteoir Ó Coisdealbha agus An Múinteoir Ó Dubhthaigh.

The girls' team have tasted success against both Presentation GNS (Terenure) and St. Killian's SNS (Tallaght) but narrowly lost out against Scoil Maelruain SNS (Old Bawn). They finished the round robin series as runners up and now face St. Helen's NS in Portmarnock on Tuesday 8th of October.

The boys' team have recorded a 100% start to their campaign, having beaten Scoil Naithí (Ballinteer), Gaelscoil Mológa (Harold's Cross) and Our Lady's Boys NS (Ballinteer). Their quarter final opponents are not yet known.

Cabhraigh Linn a Thuismitheoirí



Labhair Gaeilge agus sibh ag caint le chéile ar thailte na scoile.

Cumann na dTuismitheoirí
coistetnc@gmail.com

Comhaontú Deonach Fón Chliste – CEISTNEOIR

Mile buiochas leis na tuismitheoirí ar fad a chomhlánaigh an suirbhé ar líne faoin gComhaontú Deonach maidir le fón chliste atá molta. Tá an-áthas orainn a chur in iúl daoibh go bhfuil an-tacaíocht ar fáil don Chód Deonach maidir le fón chliste sa scoil. Beidh na sonraí go léir á bhailiú le chéile sna laethanta agus sna seachtainí atá le teacht agus cuirfimíd scéala chugaibh dá réir. Go raibh maith agaibh freisin as na tuairimí agus an t-aiseolas a roinn sibh tríd an suirbhé.



Ábhar mór imní do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí is ea a n-easpa eolais ar na 'ghléasanna cliste/teicneolaíochtaí nua' go bhfuil teacht ag a bpáistí orthu tríd an idirlíon/aipeanna meán sóisialta, srl. As sin tá webinar le CyberSafeKids curtha in áirithe againn do thuismitheoirí na scoile ar an Déardaoin seo chugainn 10 Deireadh Fómhair ag 8pm, Seolfar amach an NASC zoom chugaibh gan mhoill.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an suíomh gréasáin -<https://www.cybersafekids.ie/our-talks/#for-gaurdians>

Smart Device Voluntary Agreement – QUESTIONNAIRE



A big thank you to all the tuismitheoirí who completed the on-line survey regarding the proposed Smart Device Voluntary Agreement. We are delighted to inform you that there is overwhelming support for the Smart Device Voluntary Code in the school. We'll compile all the data in the coming days and weeks. Thank you also for the comments and feedback.

A big concern for parents and guardians is their own lack of knowledge in the 'smart device/tech zone' when it comes to their children and access to the internet/social media apps, etc. Listening to this feedback, we've booked a webinar with CyberSafeKids for next 8pm Thursday 10th Oct, **zoom link to follow. More information is available on Cybersafekids' website <https://www.cybersafekids.ie/our-talks/#for-gaurdians>**

Scaip an scéal i measc bhúr gCairde - Please share with your friends

**Gaelscoil
Thaobh na Coille**

Ag Clárú Anois
Now Enroling

Beallaírin, An Chéim, D18 TK40 | www.taobhnaocoille.ie | e-mail: gaelsccoil@taobhnaocoille.ie | tel: 01-295 0000

2 Láimh
2 Chos.
2 Chluas
2 Shúll

WHY NOT
2 LANGUAGES?

LÁ OSCAILTE - Open Day - DOMHNACH 13/10/24 - 11:00 - 13:30



Camchuairt timpeall na scoile - A quick trip around the school



N2A Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh


Tá N2A ag socrú isteach ina rang nuá agus táimid ar fad ag cur aithne ar a chéile. Táimid ag cur an-bhéim ar labhairt na Gaeilge agus tá an-chuid rannta agus amhráin ar eolas ag na páistí cheana féin. Faigheann na páistí ard mholadh ón múinteoir agus Dojos nuair atá siad ag labhairt i nGaeilge. Táim thar a bheith sásta leis an méid Gaeilge atá á labhairt ag na páistí lena chéile sa rang agus tá na cinnírí Gaeilge ag déanmh sár-obair.

Cuirmid túis le gach lá le aireachas agus bíonn nathanna deasa á rá againn cosúil le ‘Is duine cairdúil mé’, ‘Tá mé cliste’, ‘Tá grá ag daoine dom’, agus ‘Ní duine ar bith cosúil liomsa’. Táim tar éis tosú ar Aistear agus tá cúig rannóg ann - drámaíocht, tógáil, ealaín, an domhan beag agus márla. Bhí ‘An Scoil’ mar théama againn. Tá an rang seo iontach ag tógáil le bricí agus rinne siad scoil iontach le seomraí ranga le boird agus cathaoireacha, halla, agus clós na scoile.

N2A are settling into their new class and we are getting to know each other. At the moment we are placing a huge emphasis on ‘*Labhairt na Gaeilge*’ and the class know a lot of rhymes and songs. They get a huge amount of praise and Dojos for speaking as Gaeilge. I am so happy with the amount of Irish spoken by the class already.

We start each day with mindfulness listening to relaxing music and saying phrases which promote positive thinking, such as ‘I am clever, ‘People love me,’ ‘There is nobody like me’.

We have started our play through Aistear and the class are divided into groups and each group get a chance to participate in imagery play, construction, artwork, small world and marla. Our theme at the moment is ‘An Scoil’ and the children built a school with classrooms, furniture, hall, yard and car park!



R5B Múinteoir Mícheál de Bhailís

Ábhair agus Athrú: Tá Rang a Cúig ag fiosrú conas is féidir réimse leathan ábhar a athrú trí iad a mheascadh. Mar shampla: Cad a tharlóidh nuair a meacstar sú cabáiste dearg le substaintí eile?

Materials and Change: Fifth Class have been investigating how a wide range of materials may be changed by mixing. For example: What will happen if red cabbage juice is mixed with other substances?



R4B Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh

Bhí daltaí Rang 4B ag fiosrú agus ag imscrúdú ainmhithe agus plandaí beaga i ngnáthóga na scoile. Leanadar an cód d'obair allamuigh trí aire mhaith a thabhairt do gach rud beo sa timpeallacht.

Bhíodar gnóthach freisin agus iad ag obair ar thionscnamh tíreolaíochta bunaithe ar chontaetha na hÉireann. Táthar tar éis foghlaim conas an cluiche matamaitice Izak 9 a imirt chomh maith.



Rang 4B students were searching for and investigating small animals and plants in the school's habitats. They followed the code of fieldwork by taking good care of all living things in the environment.

They were also busy working on a geography project based on the counties of Ireland. They have also started to learn how to play the maths game Izak 9.



N1B Múinteoir Deirdre Ní Dhochartaigh

Táimid ag foghlaim faoi na crainn atá ag fás thart timpeall na scoile faoi láthair. Seo an Crann Darach. Fásann dearcáin ar an gcrann darach sa Samhradh agus bíonn said aibí sa fhómhar. Itheann na hiorái agus luchóga na dearcáin.

We are learning all about the trees that are in and around our school. This is the oak tree. Acorns grow on the tree over the summer, and they are ripe for eating in the Autumn. Squirrels and mice love to eat them.



R1A Múinteoir Emma de Róiste

Tá an obair faoi lán seoil ag R1A anois! Táimid gnóthach ag ceol, ag déanamh ealaíne agus ag foghlaim faoin bhFómhar agus na hathruithe a thagann leis an séasúr.

R1A have been very busy so far this term! We have been doing lots of music, art, and learning all about autumn and the changes the season brings.



R5A Múinteoirí Eavan Ní Mhuirgheasa & Sadhbh Rosenstock

Tá rang a 5A ag baint an-taitneamh as a bheith ar ais ar scoil agus tá túis iontach curtha acu leis an mbliain. Bhí siad ag foghlaim faoin ealaíontóir Paul Klee agus chruthaigh na páistí a bhféin-phortráid féin faoi thionchar na cruthanna agus dathanna a úsáideann an ealaíontóir. Tá scríbhneoirí iontacha do pháistí óga le feiceáil i rang a cúig agus tá na páistí tar éis túis a chuir le leabhair bheag a scríobh do na ranganna náónáin. Nuair atá muid críochnaithe beidh na páistí ag roinnt agus ag léamh a leabhair leis na páistí óga sa scoil. Tá bua na scríbhneoireachta agus cruthaitheachta le feiceáil agus táim cinnte go mbeidh cúpla údar inár measc amach anseo!

Rang a 5A are really enjoying being back in school and they have had a great start to the school year. The children have studied the artist Paul Klee and with the influence of Klee's work they have created their own self portrait focusing on colour and shape. We have seen wonderful writers come to the fore in rang a cúig as the children have begun writing their own small books that they will later read for the infant classes. The children have showed great creativity in this project and I'm sure we will have some amazing authors for children's books in the future!



R2B Múinteoir Ciara Ní Bháille

Tá Rang 2B ag foghlaim faoin fómhar faoi láthair. Thóg cúpla páiste samplaí den dulra san fhómhar ar scoil le roinnt linn.

Rang 2B are learning about autumn at the moment. Some of the children brought in examples of nature during autumn into school to share with us.






R2A Múinteoir Lauryn Bhreathnach

Tá R2A socruite isteach ina rang nuaanois. Táimid ag foghlaim faoin bhFómhair. Rinneamar a lán obair ealaíne bunaithe ar an téama sin. Tá muid tar éis bord dúlra a cruthú sa seomra ranga comh maith!

R2A have settled back in school nicely. We are learning all about Autumn. We have also based our Art work on this theme. We have also created a nature table in our classroom!



R6A Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh



Bhí R6A ag foghlaim faoi ilchríocha an domhain le linn na coicise seo caite. Rinneadar an-chuid oibre i ngrúpaí ar na hilchríocha agus chuireadar tionscnaimh iontacha ós ár gcomhair. Bhaineadar an-taitneamh as na tionscnaimh a dhéanamh!

R6A were learning about the continents over the past 2 weeks. They did some great group work on the continents and put together amazing projects on the continents. They really enjoyed the project work!





R3A Múinteoir Sarah-Jane Ní Choillte

Tús maith leath na hoibre! Tá daltaí Rang 3A ag foghlaim agus ag fás agus ag baint sult as a bheith 'thuas staighre'. Tá tú curtha leis an bpeannaireacht reatha agus faoi láthair táimid ag foghlaim conas tuairisc a scríobh sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. **Buíochas le Dia, níl an rang cosúil leis an rang atá san úrscéal 'An Múinteoir Nua'** atá á léamh againn. Chuamar ar shiúlóid dúlra agus rinneamar dianscrúdú ar na crainn dhúchasacha atá ag fás thart timpeall na scoile. Tá ceol le cloisteáil ar na feadóga agus cúpla fonn againn cheana féin.


An Aoine an lá is fearr linn faoi láthair. Tar éis seisiún scipeála 'Léim Thart', léimeann muid ar an mbus go dtí an linn snámhá! Beidh sos ag teastáil ag deireadh na míosa!

A great start indeed to Rang a Trí. The pupils are learning and growing and enjoying being upstairs in the school. We have begun cursive writing and are currently focussing on the report writing genre in Irish and in English. Thankfully ,the children in Rang 3A are **far better behaved than the class in 'An Múinteoir Nua'**, the novel we are reading! We headed off on a lovely Autumn nature walk to study the leaves and fruits of the native trees around the school. We have already learned to play a couple of tunes on our tin whistles.

Friday is our favourite day! After an energetic skipping session, we hop on the bus for our swimming lessons in Meadowbrook Pool. We will definitely need a rest at the end of the month!



N2B Múinteoir Deirdre Uí Dhlomsaigh



Tá rang N2B socraithe síos go sona ar an mbliain scoile nua. Tá an fómhar linn agus táimid ag baint an-taitneamh as an séasúr álainn seo. Tá duilleoga áille ildaite, cnónna capaill agus bláthanna beaga bailithe ag na páistí don bhord nádúir ranga. Bhí an rang ar fad ar bí nuair a chualamar gur rugadh deirfiúrín beag Breandán – sin í Áine - **agus léamar an leabhar 'Leanbh Nua'** mar scéal na seachtaire. Tá a lán canadh agus rince ar siúl ag an rang agus tá an múinteoir an-sásta le labhairt agus foghlaim na Gaeilge. Táimid gafa gnóthach gach lá in rang N2B ag fás agus ag foghlaim le chéile!



N2B have settled happily into the new school year. Autumn is with us, and we are really enjoying this beautiful season. The children are bringing beautiful multicoloured leaves, horse chestnuts and little flowers to put on the class nature table. The whole class was so excited to hear of the birth of Brendan's baby sister Áine, and we chose the book 'New Baby' to read as our class story. There is lots of singing and dancing going on in class and the teacher is really pleased with the Irish language speaking and learning. We are busy every day in N2B growing and learning together!

*Tá an fómhar linn!
Tá sé ag píri fuar.
Tá na duilleoga ag titim.*



R3B Múinteoir Jack Ó Loineacháin

Tá ard-obair déanta ag R3B ó thús na bliana agus go háirithe leis an gclár iontach *Spellings for Me*. Chuamar ar shiúlóid dúlra timpeall na scoile le déanaí agus d'aimsíomar crainn éagsúla, an dair, seiceamair, beith, sceach gheal agus cuileann ina measc. Tugadh seans iontach duinn na gnéithe bainteach leo agus na difríochtaí eatarthu a phlé agus a aithint. Ina dhiaidh sin, rinneadar ealaín álann tré na duilleoga a phriontáil. Chomh maith leis sin, tá na páistí ag baint sult as ceachtanna scipeála le Müinteoir Eoghan ó Léim Thart agus is léir go bhfuileadar go léir ag feabhsú freisin.

R3B have been doing brilliant work since the beginning of the year and especially with the wonderful programme *Spellings for Me*. Learning took us outside the classroom as well with our recent nature walk around the school in which we found a variety of trees including oak, sycamore, birch, hawthorn, and holly. This gave us a great chance to discuss and recognise the features of the trees and their respective differences. Beautiful art was made through printing and painting with the leaves afterwards. As well as this, the children are thoroughly enjoying skipping lessons with Müinteoir Eoghan from Léim Thart and have been going from strength to strength each week.

R1B Múinteoir Hannah Nic Uaid

Tá Rang 1B ag foghlaim faoi chruthanna 2-T sa mhata le déanaí. Tá siad á shórtáil de réir a gcosúlachta agus á gcur le chéile chun rudaí éagsúla a cruthú ar nós tithe, fuinneoga agus bogha báistí! An bhfuil tú in ann aon chruth a fheiceáil ar na seilidé álann a chruthaigh siad?



Rang 1B have been learning all about 2-D shapes. They have been sorting them by their appearance and combining the shapes to create houses, windows and rainbows!

Can you see any 2-D shape on snails we made?




R6B Múinteoir Colm Ó Coisdealbha

Tá Rang 6B ag obair ar thionscnamh faoi láthair ar an laochra spórt is fearr leo. Bhí siad ag bailiú eolais ar na ipadanna agus á astriú go Gaeilge sna cóipleabhar. Rinne siad ealaín a bhaineann leis an duine a roghnaigh siad agus phriondáil siad pictiúir a d'aimsíodar ar na ríomhairí.

Rang 6B are working on a project about their sporting heroes. They gathered information using the ipads and worked in pairs to translate the information to Gaeilge. They hope to add drawings, decorations and printed pictures of the person they chose to their projects.



R4A Múinteoirí Mícheál Ó Mocháin



An mhí seo sa rang bhí na daltaí ag díriú ar réiteach fadhbanna a bhaineann leis an mata, roimh thús gach rang bhí ar na daltaí fadhb áirithe a réiteach le chéile i mbeirteanna.

San Ealaín mharcálamar tús an Fhómhair lenár n-ealaín ag baint úsáide as duilleoga agus cailc le pictiúir áille a chruthú.

$$\begin{aligned} \text{apple} + \text{apple} + \text{apple} &= 30 \\ \text{apple} + \text{banana} + \text{banana} &= 18 \\ \text{banana} - \text{shoe} &= 2 \\ \text{shoe} + \text{apple} + \text{banana} &= ?? \end{aligned}$$

This month the class focused on how different people solve problems differently, we did this by trying to solve a different problem together before each maths class. In art we marked the autumn season by using chalk and leaves to create some lovely artworks.



Déardaoin 10 Deireadh Fómhair @ 8pm

Thursday 10th Oct at 8pm

Zoom link to follow by e-mail Monday

Cybersafekids' website

<https://www.cybersafekids.ie/our-talks/#for-gaurdians>

SEIMINEÁR GRÉASÁIN do Thuismitheoirí
Oideachas Sábháilteachta Ar Líne

Online Safety Education
WEBINAR for Parents

